# Áilim an triúr

[Mac Niocaill, Gearóid: ‘Uilliam Mac an Leagha cecinit’, *Éigse*, 8, 133-4]

1 Áilim an triúr:
táitt siútt ar nimh;
aonphersa iat,
is iatt mur sin.

2 Áilimsi iatt:
mo thriath na fir
ós iat ro chum
mé sunn ar nimh.

3 Naei n-uird in rígh
dom dhín co brian,
dom breith fa bhuaidh
dia Luain ón [t]Sliabh.

4 Muiri ’sa hóigh
is dóigh dom dhín,
’s dom breith ar nimh
do thigh an trír.

5 Marcus mo mhian,
mo thriall dá thigh;
Matha co cáidh
dom dháil ann-sin.

6 Lúcás is Eoin:
le treoir na [bh]fer
co ndecha mé
budhéin ar nemh.

7 Áilim na naeimh:
dá [t]taeibh co ndech,
is mé gan cheo
a[c] dul leo ar nemh.

8 Dá espal dég:
a séd na slógh
co ndecha mé
gabn bhéd gan bhrón.

9 Sdefán na [c]cloch
co moch dom dhín,
is a lucht uird
im chuirm in rígh.

10 Eoin Baisdi cáidh
gan ghráin gan ghlonn
dom breith don bhrugh
mur nach [bh]fuil dorr.

11 Eoin Bruindi binn,
sund sind ar [a] icht;
Iósebh an saor,
mo thaebh re [a] nirt.

12 Pádruic fáidh fial -
mé riamh ’gá luagh -
dom breith co cert
co tech na suadh.

13 Crand croichi Crísd
dom dhín ar áir,
’s dom breith ar nimh
gan chin trém áil. Á[i]im in triúr. A Chrísd tabhuir tróccuire damh.  Amen.